

## Forbairt Drámaíocht Gaeilge

### Scéim Forbartha ILBF/BBC/TG4 ar Shraith Drámaíochta

#### ***Sprioc-am: 10ú Iúil, 5in. Cinntí le fógairt faoi dheireadh mí Iúil.***

Tá an **Ciste Craoltóireachta Gaeilge, TG4** agus **BBC Gaeilge** ag reachtáil scéim forbartha drámaíochta agus táimid ag lorg iarratais ó chomhlachtaí físe leis an taithí cuí i bhforbairt agus i léiriú drámaíochta agus i dtaobh oiliúint a chuir ar fáil/talann úr a fhorbairt.

Is iad aidhmeanna na scéime seo ná:

- 4-6 scríbhneoirí Gaeilge nach bhfuil taithí acu ar scríobh don scáileáin a fhorbairt.
- Sraith drámaíochta úr a fhorbairt.

Táimid ag lorg iarratais do shraith ina bhfuil drámaíocht/scéalaíocht láidir agus samhlaíocht fhísiúil. Sraith comhaimseartha, éadrom a bheith tarraingteach do lucht féachana leathan atá á lorg, macasamhail 'Derry Girls', 'Fleabag', 'Catastrophe' 'The Young Offenders' & 'This Way Up'.

Táimid fosta ag lorg plean forbartha le 4-6 scríbhneoirí Gaeilge nár scríobh drámaíocht don scáileáin roimhe ach a bhfuil taithí scríbhneoireachta de shaghas éigin acu. Ba chóir go mbeadh cur síos mion sa phlean seo ar aimsiú na scríbhneoirí agus an chinéal oiliúint agus tacaíocht a bheith curtha ar fáil ionas go mbeidh siad in inmhe dréacht scrípte do chlár amháin (ar a laghad) den tsraith drámaíochta a scríobh. An oiread agus is féidir ba chóir go mbeadh an oiliúint agus an fhorbairt seo ag tarlú trí mheán na Gaeilge.

#### ***Amlíne na scéime:***

- Iarratais ó chomhlachtaí ar an tsraith drámaíochta & plean forbartha do scríbhneoirí úra - **lár mí Iúil.**
- Cinntí déanta **deireadh mí Iúil.**
- Aimsiú na scríbhneoirí agus tús le ceardlainne scríbhneoireachta, stiúiriú, léiriú, eagarthóireacht srl. - **Lúnasa/Méan Fómhair.**
- Seomra scríbhneoireachta le heagarthóir scrípte/stiúrthóir scrípte – **Deireadh Fómhair - Nollaig.**
- An chéad dréacht de 6 chlár – **Nollaig 2020.**
- Dara dréacht de 6 chlár – **Feabhra 2021.**
- Iarratas léiriúcháin le bheith réidh do bhabhta maoinithe an CCG i mí **Márta 2021.**

#### ***Riachtanais an Iarratais:***

- Ceannlíne (suas le 25 focal) agus Achoimre Ghairid (suas le leath-leathanach A4)
- Nótaí an Léiritheora faoin tionscnamh (uasmhéid 1 leathanach)
- Sonraí maidir leis an chroí-fhoireann chruthaitheach - léiritheoir, stiúrthóir, eagarthóir scrípte/té a bheith i mbun an seomra scríbhneoireachta (uasmhéid 1 leathanach, uile le chéile)
- Plean forbartha le scríbhneoirí Gaeilge úra a aimsiú agus a fhorbairt
- Buiséad don fhorbairt (uasmhéid 1 leathanach)
- Fianaise go bhfuil úinéireacht ar chearta.

#### ***Léiriú:***

Iarratas do mhaoiniú léiriúcháin istigh do bhabhta an CCG i mí Márta 2021.  
Buiséad thart fá £1 milliún don léiriúchán.

### **Cé atá i dteideal cur isteach ar an scéim?**

Tá an scéim oscailte do chomhlachtaí chlosamharc, atá bunaithe i dTuaisceart Éireann a bhfuil taitheí cuí acu agus atá in ann a chruthú go bhfuil cearta soiléire acu ar gach cuid den ábhar atáthar ag forbairt don léiriúchán.

Tabharfar tosaíocht do chomhlachtaí léirithe:

- a bhfuil polasaí soiléir acu an Ghaeilge a forbairt mar theanga oibre léiriúcháin
- a bhfuil sé mar aidhm thábhachtach acu cothromaíocht inscne a bhaint amach san fhoireann chruthaitheach a roghnaíonn siad, agus

### **Na critéir cháilitheachta**

- Is scéim í seo d'fhorbairt sraith drámaíochta (6 x 25").
- Script scríofa i nGaeilge
- Is gá go mbeadh an tsraith ar a laghad 75% i nGaeilge agus go mbeidh teanga na gcarachtar inchreidte i gcomhthéacs na sraithe.
- Ní ceadmhach don léiritheoir a bheith mar stiúrthóir ar an tionscnamh freisin.
- Moltar ábhar comhaimseartha a léiríonn saol Éireannach an lae inniu.
- Téamaí a thrasnóidh lucht féachana leathan (gan a bheith ró- 'niche'.)
- Forbairt scríbhneoirí agus talann úr (ar an dá thaobh den cheamara).
- Níl aon srian ar stíl scéalaíochta, ar ábhar, nó ar eilimintí eile sa script/scéal.
- Níor cheart do na buiséid léiriúcháin do na tionscnamh dul thar £1,000,000 agus tiocfaidh an maoiniú ó TG4, BBC & an CCG.

### **Cén chaoi le hiarratas a dhéanamh**

- An sprioc-am le haghaidh iarratais ná ***Dé hAoine 10 Iúil ag a 5 in.*** *Ní ghlacfar le hiarratais atá mall, nó easnamhach agus caithfidh na comhlachtaí iad féin déanamh cinnte gur seachadadh na hiarratais in am.*
- Caithfear na hiarratais a chur isteach go leictreonach, i nGaeilge trí chóras iarratais an CCG – Nasc anseo <https://northernirelandscreen.flexigrant.com/startapplication.aspx?id=5805>

### **Tuilleadh eolais**

Le cruinniú a shocrú, nó má ta aon cheisteanna agat maidir le haon cuid den scéim seo, cuir r-phost chuig Áine Walsh, Ceannasaí an CCG, [aine@northernirelandscreen.co.uk](mailto:aine@northernirelandscreen.co.uk)

## ILBF/BBC/TG4 Development Scheme for Drama Series

**Deadline : July 10<sup>th</sup>, 5pm. Decisions will be announced before the end of July.**

The **Irish Language Broadcasting Fund, TG4** and **BBC Gaeilge** are running a drama development scheme and are looking for applications from production companies who have relevant experience in the development and production of drama and who can develop and provide training to new talent.

The aims of this scheme are:

- To develop 4-6 Irish language writers who do not have experience writing for screen.
- To develop a new drama series.

We are looking for applications for a series with a strong sense of drama/storytelling as well as imaginative visuals. We are seeking a contemporary and light series with a wide audience appeal similar to 'Derry Girls', 'Fleabag', 'Catastrophe', 'The Young Offenders' & 'This Way Up'.

We are also looking for a development plan for 4-6 new Irish language writers who may have some writing experience but who have not written drama for screen before. A plan should be provided detailing how these writers will be found along with the support and training they will give them to ensure that they will be able to write a draft script for at least one episode of the television drama. This training and development should be provided through the medium of Irish as much as is possible.

### ***Timeline of Scheme:***

- Applications from production companies for a drama series & development plan for new writers – **middle of July**
- Decisions made- **end of July**
- Find the writers and begin writing workshops, directing, production, editing etc. – **August/September**
- Writing room with script editor/script director – **October-December**
- First draft of six episodes – **December 2020.**
- Second draft of six episodes – **February 2021**
- Production application ready for ILBF funding round in **March 2021.**

### ***Requirements for Application:***

- Headline (up to 25 words) and Short Summary (up to half an A4 page)
- Producers notes about the project (1 page max)
- Details about the projects creative team – Producer, Director, Script Editor/ whomever will be present in the writing room. (All together 1 page max)
- Development plan to find and develop new writers with Irish
- Development Budget (1 page max)
- Evidence of ownership of rights

### ***Production:***

Application for production funding ready for ILBF Funding Round March 2021.  
Production budget of around £1 million.

**Who is entitled to apply for this scheme?**

This scheme is open to audio-visual production companies, who are based in Northern Ireland, who have relevant experience and who can prove they have the rights to every part of the material that they are developing for production.

Preference will be given to production companies:

- That have a clear policy to develop the Irish language as a working language during production work
- That have a clear aim to include gender balance in the creative team they choose, and

### **The Qualifying Criteria**

- This is a scheme for the development of a drama series (6 x 25”).
- Script written in Irish.
- At least 75% of the script must be in Irish and the characters language must be credible to the context of the series.
- The producer may not also be the director of the series.
- Contemporary subject matter that portrays life in Ireland today.
- Themes that would appeal to a wide audience (nothing to ‘niche’).
- Development of writers and new talent (on both sides of the lense).
- There is no limit on the style of storytelling, on subject matter or other elements of the script/story.
- The production budget for this project should not exceed £1,000,000 and this funding will come from TG4, BBC & ILBF.

### **How to make an application**

- The application deadline is *5pm Friday, July 10<sup>th</sup> 2020. Late or incomplete applications will not be accepted and companies must ensure the application is delivered in time.*
- The applications must be made electronically, in Irish, through the ILBF’s application system- Link here <https://northernirelandscreen.flexigrant.com/startapplication.aspx?id=5805>

### **More Information**

To arrange a meeting or if you have any queries in relation to this scheme, email Áine Walsh, Head of the ILBF at [aine@northernirelandscreen.co.uk](mailto:aine@northernirelandscreen.co.uk)